

A' STRACADH BRADÁIN.

Fear i mBaile an Chláir bhíodh sé a stracadh bradáin san oidhche i nabhainn an Chláir. Bhíodh coinneall ghiumhaise aige agus dubhán mór ar mhaide. Chuaidh sé amach an oidhche seo é féin agus fear eile agus nuair a lasadh siad an choinneall bhíodh an choinneall dhá cur as orthab. Bhíodh goire guairdil ag tigheacht ar an uisge agus torann agus sgannruithití na bradáin uathab. An fear a bhí i neinfeacht leis dubhairt se go ngabhfhadh sé abhaile.

Ní ghabhfhaidh mise abhaile go mbeidh iasg agam adeir fear Bhaile an Chláir. Dimtigh an fear eile abhaile las fear Bhaile an Chláir an choinneall arís agus chonaic sé caora dhubh ar bhruch na haibhne. Is tú atá ag coinneál na mbradáin uaim adeir sé. Thosuigh sé ag caitheamh cloch léithe agus ní dhéanadh sí nuair a chaitheadh sé cloch ach a cloigeann a ligint i leathaobh agus an chloch a ligint thairte.

Nuair a bhí trí nó ceathair de chlocha caithte aige d'éirigh sí de léim agus dá leagtaoi an caisleán san abhainn ní deanfaí an oiread torainn is rinne sí. Sgannraidh an torann é. Bhí deifir abhaile air.

Nuair a lasadh siad an choinneall agus é chur gar don uisge thigeadh na bradáin go dtí an solus agus ní raibh le déanamh acab ach an dubhán a chur frithab agus a dtarraingt isteach. Dá gcuirtheá poll ar an leac oidhre agus solus a chur os cionn an phuill thiocfadh an tiasg go dtí an poll i riocht is go bheicfeá iad.

8/3/32.